2026/1159

29.5.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1159 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Bealtaine 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2432 a mhéid a bhaineann le hathruithe riaracháin ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Diversey Hydrogen Peroxide Product Family'

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 50(2), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 16 Meán Fómhair 2024, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2432 ón gCoimisiún ([2]) deonaíodh údarú Aontais a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0029435-0000 aige do Diversey Europe Operations B.V. chun an fhine táirgí bithicídeacha 'Diversey Hydrogen Peroxide Product Family' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid. Soláthraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin an achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha sin.

(2) An 20 Bealtaine 2025, rinne Diversey Europe Operations B.V. fógra faoi athrú riaracháin ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Diversey Hydrogen Peroxide Product Family' a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht'), i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún ([3]), ar fógra é a taifeadadh sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha ('an Clár') faoi chás-uimhir BC-VH105986-21. Na hathruithe atá beartaithe ar an údarú sin ar tugadh fógra fúthu, baineann siad le 3 láithreán monaróirí an táirge bhithicídigh a chur isteach, le hathruithe ar sheoladh shealbhóir an údaraithe agus sheoladh mhonaróir an táirge bhithicídigh.

(3) An 9 Meitheamh 2025, chuir an Ghníomhaireacht tuairim ([4]) faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 11(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, maidir leis na hathruithe riaracháin ar tugadh fógra ina leith ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Diversey Hydrogen Peroxide Product Family'. Sa tuairim uaithi, is é conclúid na Gníomhaireachta gur athruithe riaracháin iad na hathruithe atá beartaithe dá dtagraítear in Airteagal 50(3), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 28/2012 agus a shonraítear i dTeideal 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, agus go gcomhlíonfar coinníollacha Airteagal 19 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 528/2012 go fóill tar éis na hathruithe sin a chur chun feidhme.

(4) An 9 Meitheamh 2025, tharchuir an Ghníomhaireacht achoimre athbhreithnithe ar shaintréithe an táirge le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Diversey Hydrogen Peroxide Product Family' chuig an gCoimisiún i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, lena gcumhdaítear na hathruithe riaracháin ar cuireadh iarratas isteach ina leith, i gcomhréir le hAirteagal 11(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013.

(5) Comhaontaíonn an Coimisiún leis an tuairim ón nGníomhaireacht agus dá bhrí sin, measann sé gurb iomchuí an t-údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Diversey Hydrogen Peroxide Product Family' a leasú chun na hathruithe riaracháin a d'iarr Diversey Europe Operations B.V. a thabhairt isteach.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2432 ón gCoimisiún an 16 Meán Fómhair 2024 lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Diversey Hydrogen Peroxide Product Family' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2024/2432, 17.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2432/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2013 maidir le hathruithe táirgí bithicídeacha arna n-údarú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 109, 19.4.2013, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/354/oj).

([4]) Tuairim Uimh. UAD-C-1826584-17-00/F ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán an 9 Meitheamh 2025 maidir leis na hathruithe riaracháin ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Diversey Hydrogen Peroxide Product Family', https://echa.europa.eu/opinions-on-applications-for-union-authorisation.

(6) Ach amháin i gcás na leasuithe a bhaineann leis na hathruithe riaracháin atá beartaithe, fágtar gach faisnéis eile atá san achoimre ar shaintréithe an táirge 'Diversey Hydrogen Peroxide Product Family', mar a leagtar amach í san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2432, gan athrú.

(7) Chun an tsoiléireacht a fheabhsú agus chun go mbeidh rochtain níos éasca ag úsáideoirí agus páirtithe leasmhara ar an leagan comhdhlúite den achoimre ar shaintréithe an táirge atá le foilsiú ag an nGníomhaireacht, ba cheart Iarscríbhinn iomlán nua a chur in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2432. I ngeall ar athrú ar an bhformáid a úsáidtear chun an achoimre ar shaintréithe an táirge a ghiniúint sa Chlár i mí Feabhra 2024, ba cheart roinnt mionathruithe eagarthóireachta agus mionathruithe ar an leagan amach a bheith san achoimre ar shaintréithe an táirge san Iarscríbhinn sin freisin.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2432 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2432.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Bealtaine 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh tacar táirgí bithicídeacha

Diversey Hydrogen Peroxide Product Family

Cineál nó cineálacha táirge

PT04: Limistéar bia agus beatha

Uimhir an údaraithe EU-0029435-0000

Uimhir sócmhainne R4BP EU-0029435-0000

CUID I

AN CHÉAD LEIBHÉAL FAISNÉISE

Caibidil 1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **Ainm an tacair**

Ainm	Diversey Hydrogen Peroxide Product Family

1.2. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT04: Limistéar bia agus beatha

1.3. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	Diversey Europe Operations B.V.
	Seoladh	De Corridor 4 (Regulatory team) 3621 ZB Breukelen NL
Uimhir an údaraithe	EU-0029435-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0029435-0000	
Dáta an údaraithe	an 7 Deireadh Fómhair 2024	
Dáta éaga an údaraithe	an 31 Deireadh Fómhair 2033	

1.4. **Monaróir/monaróirí an táirge**

Ainm an mhonaróra	Diversey Europe Operations B.V.
Seoladh an mhonaróra	De Corridor 4 (Regulatory team) 3621 ZB Breukelen An Ísiltír
Suíomh na láithreán monaraíochta	Diversey Europe Operations B.V. site 1 Strada Statale 235 26010 Bagnolo Cremasco (CR) An Iodáil Diversey Europe Operations B.V. site 2 Rembrandtlaan 414 7545 ZW Enschede An Ísiltír

	Diversey Europe Operations B.V. site 3 Cotes Park Industrial Estate DE55 4PA Somercotes Alfreton Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann Diversey Europe Operations B.V. site 4 Avenida Conde Duque 5, 7 y 9 ; Poligono Industrial La Postura 28343 Valdemoro (Madrid) An Spáinn Diversey Europe Operations B.V. site 5 Morschheimer Strasse 12 67292 Kirchheimbolanden An Ghearmáin

Ainm an mhonaróra	Evonik Antwerpen NV
Seoladh an mhonaróra	Tijsmanstunnel West 2040 Antwerpen An Bheilg
Suíomh na láithreán monaraíochta	Evonik Antwerpen NV site 1 Tijsmanstunnel West 2040 Antwerpen An Bheilg

Ainm an mhonaróra	Evonik Operations GmbH
Seoladh an mhonaróra	Rellinghauser Straße 1-11 45128 Essen An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Evonik Operations GmbH Untere Kanalstr. 3 79618 Rheinfelden An Ghearmáin

Ainm an mhonaróra	Evonik Peroxid GmbH
Seoladh an mhonaróra	Industriestraße 1 9721 Weißenstein An Ostair
Suíomh na láithreán monaraíochta	Evonik Peroxid GmbH site 1 Industriestraße 1 9721 Weißenstein An Ostair

Ainm an mhonaróra	Evonik Peroxide Netherlands BV
Seoladh an mhonaróra	Hettenheuvelweg 37 /39 1101 BM Amsterdam An Ísiltír
Suíomh na láithreán monaraíochta	Evonik Peroxide Netherlands BV site 1 Oosterhorn 14 9936 HD Farmsum An Ísiltír

Ainm an mhonaróra	ELETTROCHIMICA VALLE STAFFORA SPA
Seoladh an mhonaróra	VIA TORTONA 73 27055 Rivanazzano An Iodáil
Suíomh na láithreán monaraíochta	ELETTROCHIMICA VALLE STAFFORA SPA site 1 VIA TORTONA 73 27055 Rivanazzano An Iodáil

Ainm an mhonaróra	Brenntag SA
Seoladh an mhonaróra	Zone d'Activités les Sauzets 07340 Andance An Fhrainc
Suíomh na láithreán monaraíochta	Brenntag SA site 1 Zone d'Activités les Sauzets 07340 Andance An Fhrainc

Ainm an mhonaróra	CHEPORT, spol. s r.o.
Seoladh an mhonaróra	Lhotsko 93 763 12 Vizovice An tSeicia
Suíomh na láithreán monaraíochta	CHEPORT, spol. s r.o. site 1 Lhotsko 93 763 12 Vizovice An tSeicia

Ainm an mhonaróra	Brenntag Polska Sp. z o.o
Seoladh an mhonaróra	Ul. Towarowa 6 05-530 Góra Kalwaria An Pholainn
Suíomh na láithreán monaraíochta	Brenntag Polska Sp. z o.o site 1 Ul. Towarowa 6 05-530 Góra Kalwaria An Pholainn

Ainm an mhonaróra	Evonik Peroxide Spain, S.L.U.
Seoladh an mhonaróra	C/ Afueras s/h. 50784 La Zaida An Spáinn
Suíomh na láithreán monaraíochta	Evonik Peroxide Spain, S.L.U. C/ Afueras s/h. 50784 La Zaida An Spáinn

Ainm an mhonaróra	Solenis Sweden AB
Seoladh an mhonaróra	Högastensgatan 18 S-25232 Helsingborg An tSualainn
Suíomh na láithreán monaraíochta	Solenis Sweden AB Högastensgatan 18 S-25232 Helsingborg An tSualainn

Ainm an mhonaróra	Solenis Germany GmbH & Co. KG
Seoladh an mhonaróra	Fütingsweg 20 D-47508 Krefeld An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Solenis Germany GmbH & Co. KG Fütingsweg 20 D-47508 Krefeld An Ghearmáin

Ainm an mhonaróra	Solenis Finland Oy
Seoladh an mhonaróra	Kolmihaarankatu 7 FIN-33330 Tampere An Fhionlainn
Suíomh na láithreán monaraíochta	Solenis Finland Oy Kolmihaarankatu 7 FIN-33330 Tampere An Fhionlainn

1.5. **Monaróir/monaróirí na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	Hydrogen peroxide
Ainm an mhonaróra	Evonik Antwerpen NV
Seoladh an mhonaróra	Tijsmanstunnel West 2040 Antwerpen An Bheilg
Suíomh na láithreán monaraíochta	Evonik Antwerpen NV Tijsmanstunnel West 2040 Antwerpen An Bheilg

Substaint ghníomhach	Hydrogen peroxide
Ainm an mhonaróra	Evonik Operations GmbH
Seoladh an mhonaróra	Rellinghauser Straße 1-11 45128 Essen An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Evonik Operations GmbH Untere Kanalstr. 3 79618 Rheinfelden An Ghearmáin

Substaint ghníomhach	Hydrogen peroxide
Ainm an mhonaróra	Evonik Peroxid GmbH
Seoladh an mhonaróra	Industriestraße 1 9721 Weißenstein An Ostair
Suíomh na láithreán monaraíochta	Evonik Peroxid GmbH Industriestraße 1 9721 Weißenstein An Ostair

Substaint ghníomhach	Hydrogen peroxide
Ainm an mhonaróra	Evonik Peroxide Netherlands BV
Seoladh an mhonaróra	Hettenheuvelweg 37 /39 1101 BM Amsterdam An Ísiltír
Suíomh na láithreán monaraíochta	Evonik Peroxide Netherlands BV Oosterhorn 14 9936 HD Farmsum An Ísiltír

Substaint ghníomhach	Hydrogen peroxide
Ainm an mhonaróra	Evonik Peroxide Spain, S.L.U.
Seoladh an mhonaróra	C/ Afueras s/h. 50784 La Zaida An Spáinn
Suíomh na láithreán monaraíochta	Evonik Peroxide Spain, S.L.U. C/ Afueras s/n. 50784 La Zaida An Spáinn

Caibidil 2. **COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TACAIR TÁIRGÍ**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an tacair**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Hydrogen peroxide		Substaint ghníomhach	7722-84-1	231-765-0	35 - 49,9 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	SL Tiúchán intuaslagtha

CUID II

AN DARA LEIBHÉAL FAISNÉISE MEITEA-SPC(ANNA)

Caibidil 1. **MEITEA-SPC 1 FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **MEITEA-SPC 1 aitheantóir**

Aitheantóir	Meta SPC: META Divosan Spray

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-1

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT04: Limistéar bia agus beatha

Caibidil 2. **COMHDHÉANAMH META SPC 1**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meitea-SPC 1**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Hydrogen peroxide		Substaint ghníomhach	7722-84-1	231-765-0	35 - 49,9 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meitea-SPC 1**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	SL Tiúchán intuaslagtha

Caibidil 3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM MEITEA-SPC 1**

Ráitis ghuaise	H302: Díobhálach má shlogtar é. H315: Ina chúis le greannú craicinn. H318: Ina chúis le damáiste tromchúiseach don tsúil.

	H335: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le greannú riospráide. H412: Díobhálach don saol uisceach, le héifeachtaí fadtréimhseacha. H272: D'fhéadfadh sé cur le tine; ocsaídeoir.
Ráitis réamhchúraim	P261: Seachain gala a análú. P264: Nigh lámha go lánchúramach tar éis láimhsithe. P270: Ná hith, ná hól nó ná caith tobac nuair atá an táirge seo in úsáid agat. P271: Úsáid amuigh faoin aer nó i limistéar dea-aerálaithe amháin. P273: Ná scaoiltear amach sa chomhshaol. P280: Caith lámhainní cosanta/éadaí cosanta/cosaint súl/cosaint aghaidhe.. P301+P312: MÁ SHLOGTAR É: Cuir glao ar IONAD NIMHE/dochtúir/lia má bhraitheann tú tinn. P330: Sruthlaítear an béal. P302+P352: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS AN gCRAICEANN: Nigh le neart uisce / gallúnach. P304+P340: MÁ IONANÁLAÍTEAR É: Tabhair an duine amach faoin aer úr agus cinntigh go bhfuil an duine in ann análú go compordach. P312: Cuir glao ar IONAD NIMHE/dochtúir/lia má bhraitheann tú tinn. P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. P310: Cuir glao láithreach ar IONAD NIMHE/dochtúir. P332+P313: I gcás greannú craicinn: Faigh comhairle. P403+P233: Stóráil in áit dhea-aeráilte. Coimeád an coimeádán dúnta go docht. P405: Stóráil faoi ghlas. P501: Diúscair ábhar i gcomhréir le riachtanais áitiúla. P501: Diúscair coimeádán i gcomhréir le riachtanais áitiúla. P210: Coimeád amach ó theas, dromchlaí te, spréacha, lasracha oscailte agus foinsí adhainte eile. Ná caitear tobac. P220: Coimeád amach ó éadaí nó ábhair indóite eile. P370+P378: I gcás dóiteáin: Úsáid uisce le haghaidh múchta.

Caibidil 4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE MEITEA-SPC**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1

Pacáistiú aiseipteach i dtionscail bia agus beatha

An cineál táirge	PT04: Limistéar bia agus beatha
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: - Gnáthainm: Giostaí

	Céim na forbartha: - Gnáthainm: Spóir bhaictéaracha Céim na forbartha: Spóir bhaictéaracha
Réimse (nó réimsí) úsáide	Úsáid laistigh Díghalrú ábhar pacáistithe bia i gcórais phacáistithe aiseiptigh iata le táirge spraeáilte nó néalaithe.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Spraeáil nó néalú Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Spraeáil nó néalú uathoibrithe i gcórais iata.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Tiúchan i mbun úsáide: sárocsaíd hidrigine 35 % (w/w). Tiúchan an táirge in aer te: 10,83 g/kg Chun díghalrú i gcoinne baictéar, giostaí agus spór baictéarach, ba cheart an táirge a chaolú go 35 % (w/w) H^2O^2. Mar shampla, i gcás táirge a bhfuil sárocsaíd hidrigine 49,9 % (w/w) ann: cuir 700 ml den táirge le 357 ml uisce chun caolú 35 % (w/w) sárocsaíd hidrigine a bhaint amach. Airí uainithe: Próisis uathoibríocha díghalraithe ceimi-theirmeacha. Teocht: ≥ 100 °C. Am teagmhála: 5,5 soicind ar a laghad
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	HDPE buidéal 1,5 lítear HDPE canna breosla 10, 20, 30, 60 lítear HDPE druma 200 lítear HDPE coimeádán 1 000 lítear HDPE ISO umar $20m^3$

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Tá na córais líonta aiseiptigh bunaithe ar an bprionsabal go bhfoirmítear feadán go haiseipteach ó bhileog steirilithe d'ábhar pacáistithe a líontar go leanúnach le táirge bia leachtaí atá steirilithe ar bhonn tráchtála agus a shéalaítear go trasnach ina dhiaidh sin chun tiachóga a fhoirmiú, a fhilltear ina dhiaidh sin i gcruth deiridh an phacáiste. Seachadtar an t-ábhar pacáistithe chuig an meaisín líonta aiseiptigh i bhfoirm ríleanna (bileog) nó i bhfoirm pacáistí, tobán agus buidéal réamhfhoirmithe. Ansin, déantar sárocsaíd hidrigine 35 % (w/w) a spraeáil nó a néalú chuig an ábhar pacáistithe de réir a chéile trí shoc. Ina dhiaidh sin, leanann céimeanna éagsúla chun aon sárocsaíd hidrigine iomarcach a ghalú le haer te steiriúil.

Ag brath ar mhéid an ghabhdáin, déantar méid 0,1 – 1 ml de shárocsaíd hidrigine 35 % (w/w) a spraeáil nó a néalú de réir a chéile trí shoc.

Teocht: ≥ 100 ° C

Am teagmhála: 5,5 soicind ar a laghad

Mar shampla, i gcás táirge ina bhfuil sárocsaíd hidrigine 49,9 % (w/w): cuir 700 ml den táirge le 357 ml d'uisce chun caolú 35 % (w/w) sárocsaíd hidrigine a fháil.

Déanfaidh an t-úsáideoir bailíochtú micribhitheolaíoch ar an díghalrú i gcónaí, agus ina dhiaidh sin is féidir prótacal chun an pacáistiú / an córas seo a dhíghalrú a dhéanamh agus a úsáid dá éis.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Caith gloiní cosanta le haghaidh ceimiceán atá de réir Chaighdeáin Eorpaigh EN 16321 nó a chomhionann, éadaí cosanta le haghaidh ceimicean i réimse na dtáirgí bithicíde, lámhainní le haghaidh ceimiceán a aicmítear faoi Chaighdeán Eorpach EN 374 nó a choibhéis, sciath aghaidhe agus RPE (APF = 10) agus tuaslagáin tiubhaithe á láimhseáil agat le linn meascaithe agus luchtaithe ; lámhainní le haghaidh ceimiceeán a aicmítear faoi Chaighdeán Eorpach EN 374 nó a chomhionann, éadaí cosanta le haghaidh ceimiceán i réimse na dtáirgí bithicíde, agus spéaclaí cosanta le haghaidh ceimiceán atá comhsheasmhach le Caighdeán Eorpach EN 16321 nó sciath aghaidhe choibhéiseach le linn feidhmithe. Le linn na hoibre cothabhála, caith lámhainní cosanta le haghaidh ceimiceán atá aicmithe faoi EN 374 nó a gcoibhéis, éadaí cosanta le aghaidh ceimiceán i réimse na tdtáirgí bithicíde, spéaclaí cosanta le haghaidh ceimiceán atá comhsheasmhach le EN 16321 nó sciath aghaidhe choibhéiseach agus RPE (APF=4) agus spraeáil uisce ar feadh thart ar 10 soicind roimh duit an meaisín a oscailt. Sonraítear sna treoracha úsáide don stáisiún athlíonta nach mór na hoibríochtaí luchtaithe a dhéanamh in áit fhionnuar, aeráilte. Lámhainní agus ábhar clúdaithe le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge. Cloígh leis na treoracha ar an lipéad. Féach cuid 6 le haghaidh teidil iomlána na gcaighdeán EN.

Tá sé seo gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 98/24/CE ón gComhairle agus reachtaíocht eile de chuid an Aontais i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair. Féach cuid 6 le haghaidh na tagartha iomláine do Threoir 98/24/CE ón gComhairle.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Gan treoracha garchabhrach ná bearta éigeandála a bhaineann go sonrach le húsáid chun an comhshaol a chosaint. Féach Treoracha ginearálta úsáide.

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Gan treoracha a bhaineann go sonrach le húsáid chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte. Féach Treoracha ginearálta úsáide.

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Gan treoracha stórála agus seilfré an táirge a bhaineann go sonrach le húsáid faoi ghnáthchoinníollacha stórála. Féach treoracha ginearálta úsáide.

4.2. **Tuairisc úsáide**

Tábla 2

Díghalrú an chórais dáileacháin uisce óil trí ghlanadh i bhfeidhm (CIP)

An cineál táirge	PT04: Limistéar bia agus beatha
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: - Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: - Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: -
Réimse (nó réimsí) úsáide	Úsáid laistigh Suiteáil dáilte agus stórála d'uisce óil a ghlanadh agus a dhíghalrú
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: CIP (Glanadh i bhfeidhm) Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Dromchlaí istigh na gcóras iata a dhíghalrú trí CIP

Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Sárocsaíd hidrigine 4,7 % (w/w) Le haghaidh díghalraithe i gcoinne baictéir, giosta agus fungas ba chóir an táirge a chaolú go sárocsaíd hidrigine 4,7 % (w/w). Mar shampla, i gcás táirge sárocsaíd hidrigine 35 % (w/w): cuir 114 ml den táirge le 819 ml d'uisce. I gcás táirgí a bhfuil tiúchain éagsúla sárocsaíde hidrigine acu ní mór na luachanna a choigeartú dá réir. Airí uainithe: Am teagmhála: 3 uair an chloig ar a laghad Minicíocht: Laethúil/más gá Teocht: teocht an tseomra
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	HDPE buidéal 1,5 lítear HDPE canna breosla 10, 20, 30, 60 lítear HDPE druma 200 lítear HDPE coimeádán 1 000 lítear HDPE ISO umar 20m^3

4.2.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

CIP (Glanadh i bhfeidhm): Glan roimh dhíghalrú (Bain gach spruadar agus salachar trí réamh-shruthlú nó réamh-sciúradh, agus nuair is gá, cóireáil réamh-mhaothaithe). Scaip an táirge agus é caolaithe, tríd an gcóras faoi choinníollacha suaiteachta méadaithe agus treoluas sreafa. Tar éis am teagmhála 3 uair, déantar píblínte agus umair a shruthlú le huisce sula ndéantar iad a athlíonadh le huisce óil. Le haghaidh díghalraithe i gcoinne baictéir, giosta agus fungas ba chóir an táirge a chaolú go sárocsaíd hidrigine 4,7 % (w/w). Mar shampla, i gcás táirge ina bhfuil sárocsaíd hidrigine 35 % (w/w): cuir 114 ml den táirge le 819 ml d'uisce chun caolú de sárocsaíd hidrigine 4,7 % (w/w) a fháil. I gcás táirgí a bhfuil tiúchain éagsúla sárocsaíde hidrigine acu ní mór na luachanna a choigeartú dá réir.

4.2.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Caith spéaclaí cosanta le haghaidh ceimiceán atá de réir Chaighdeáin Eorpaigh EN 16321 nó a gcomhionann/sciath aghaidhe, éadaí cosanta le haghaidh ceimiceán i réimse na dtáirgí bithicíde, lámhainní cosanta le haghaidh ceimiceán a aicmítear faoi Chaighdeán Eorpach EN 374 nó a gcomhionann, agus RPE (APF = 10) le linn meascaithe agus a luchtaithe. Lámhainní agus ábhar clúdaithe le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge. Féach cuid 6 le haghaidh teidil iomlána na gcaighdeán EN.

Tá sé seo gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 98/24/CE ón gComhairle agus reachtaíocht eile de chuid an Aontais i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair. Féach cuid 6 le haghaidh na tagartha iomláine do Threoir 98/24/CE ón gComhairle.

RMM Teicniúil: Aeráil áitiúil sceite (50 %) agus caighdeán maith aerála ginearálta (3 athrú aeir in aghaidh na huaire (ACH)). Cloígh leis na treoracha ar an lipéad.

4.2.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Gan treoracha garchabhrach ná bearta éigeandála a bhaineann go sonrach le húsáid chun an comhshaol a chosaint. Féach Treoracha ginearálta úsáide.

4.2.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Gan treoracha a bhaineann go sonrach le húsáid chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte. Féach Treoracha ginearálta úsáide.

4.2.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Gan treoracha stórála agus seilfré an táirge a bhaineann go sonrach le húsáid faoi ghnáthchoinníollacha stórála. Féach treoracha ginearálta úsáide.

4.3. **Tuairisc úsáide**

Tábla 3

Dromchlaí crua neamhphóiriúla agus trealamh crua neamhphóiriúil a dhíghalrú trí thumadh

An cineál táirge	PT04: Limistéar bia agus beatha
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: - Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: - Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: -
Réimse (nó réimsí) úsáide	Úsáid laistigh Trealamh i dtionscail an bhia agus na dí, cistiní lónadóireachta móra agus ceaintíní.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: open system: immersion Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Tumadh de láimh de threalamh i ndabhcha oscailte. Tumadh uathoibrithe trealaimh i ndabhcha dúnta.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Sárocsaíd hidrigine 8,1 % (w/w). Le haghaidh díghalraithe i gcoinne baictéir, giosta agus fungas ba chóir ba chóir an táirge a chaolú go sárocsaíd hidrigine 8,1 % (w/w). Mar shampla, i gcás táirge sárocsaíd hidrigine 35 % (w/w): cuir 200 ml den táirge le 738 ml uisce. I gcás táirgí a bhfuil tiúchain éagsúla sárocsaíde hidrigine acu ní mór na luachanna a choigeartú dá réir. Airí uainithe: Am teagmhála: 60 nóiméad ar a laghad Minicíocht: Laethúil / más gá Teocht: teocht an tseomra
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	HDPE buidéal 1,5 lítear HDPE canna breosla 10, 20, 30, 60 lítear HDPE druma 200 lítear HDPE coimeádán 1 000 lítear HDPE ISO umar 20m^3

4.3.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Chun díghalrú i gcoinne giosta baictéir agus fungas a dhíghalrú ba chóir an táirge a chaolú go sárocsaíd hidrigine 8,1 % (w/w). Mar shampla, i gcás táirge ina bhfuil sárocsaíd hidrigine 35 % (w/w); cuir 200 ml den táirge le 738 ml d'uisce chun caolú 8,1 % (w/w) sárocsaíd hidrigine a bhaint amach. Ba chóir an tuaslagán díghalrúcháin sa dabhach tumtha a athsholáthar tar éis gach thimthriall díghalrúcháin.

Tumadh: Déantar trealamh sa tionscal bia agus beatha a dhíghalrú trí thumadh. Réamh-ghlan an trealamh. Ba chóir an tuaslagán díghalraithe a chaolú i dabhcha (ie an táirge a dhoirteadh nó a phumpáil isteach i ndabhcha). Diúscairtear an trealamh atá le díghalrú de láimh nó go huathoibríoch sna dabhcha seo (folcadáin oscailte nó dúnta) agus tógtar amach é tar éis am teagmhála nach lú ná 60 nóiméad. Tar éis an nós imeachta díghalraithe a bheith críochnaithe, déantar an trealamh a shruthlú le huisce. Ba chóir an tuaslagán díghalraithe sa dabhach tumoideachais/tumtha a athsholáthar tar éis gach timthriall díghalraithe.

4.3.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Caith spéaclaí cosanta le haghaidh ceimiceán atá de réir Chaighdeáin Eorpaigh EN 16321 nó a gcomhionann/ sciath aghaidhe, éadaí cosanta le haghaidh ceimiceán i réimse na dtáirgí bithicíde, lámhainní cosanta le haghaidh ceimiceán a aicmítear faoi Chaighdeán Eorpach EN 374 nó a gcomhionann, agus RPE (APF = 10) le linn meascaithe agus a luchtaithe. Lámhainní agus ábhar clúdaithe le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge. Féach cuid 6 le haghaidh teidil iomlána na gcaighdeán EN.

Tá sé seo gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 98/24/CE ón gComhairle agus reachtaíocht eile de chuid an Aontais i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair. Féach cuid 6 le haghaidh na tagartha iomláine do Threoir 98/24/CE ón gComhairle.

RMM Teicniúil: aeráil sceite áitiúil (50 %) agus caighdeán maith aerála ginearálta (3 ACH). Caithfear folcadh tumtha a chur i seomra scartha. Le húsáid ach amháin i gceantair nach bhfuil rochtain ag an bpobal i gcoitinne orthu. Níl cead ag úsáideoirí gairmiúla gan TCP agus RPE (APF = 10) dul isteach sa seomra díghalraithe. Coinnigh an folctha dúnta le linn díghalraithe, ach oscailte le luchtú agus le scaoileadh.

Breathnaigh treoracha lipéid.

4.3.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Gan treoracha garchabhrach ná bearta éigeandála a bhaineann go sonrach le húsáid chun an comhshaol a chosaint. Féach Treoracha ginearálta úsáide.

4.3.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Gan treoracha a bhaineann go sonrach le húsáid chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte. Féach Treoracha ginearálta úsáide.

4.3.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Gan treoracha stórála agus seilfré an táirge a bhaineann go sonrach le húsáid faoi ghnáthchoinníollacha stórála. Féach treoracha ginearálta úsáide.

4.4. **Tuairisc úsáide**

Tábla 4

Díghalrú dromchlaí trí ghlanadh i bhfeidhm (CIP)

An cineál táirge	PT04: Limistéar bia agus beatha
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: - Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: - Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: Fungais

Réimse (nó réimsí) úsáide	Úsáid laistigh Díghalrú dromchlaí ar an taobh istigh de chórais píobaí agus córais umair a bhíonn i dteagmháil le bia sa tionscal bia agus beatha
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: CIP (Glanadh i bhfeidhm) Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Díghalrú dromchlaí ar an taobh istigh de na córais dúnta trí Ghlanadh I bhFeidhm (CIP).
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Sárocsaíd hidrigine 4,7 % (w/w). Le haghaidh díghalraithe i gcoinne baictéir, giosta agus fungas ba chóir an táirge a chaolú go sárocsaíd hidrigine 4,7 % (w/w). Mar shampla, i gcás táirge sárocsaíd hidrigine 35 % (w/w): cuir 114 ml den táirge le 819 ml d'uisce. I gcás táirgí a bhfuil tiúchain éagsúla sárocsaíde hidrigine acu ní mór na luachanna a choigeartú dá réir. Airí uainithe: Am teagmhála: 3 uair an chloig ar a laghad Minicíocht: Laethúil / más gá Teocht: teocht an tseomra
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	HDPE buidéal 1,5 lítear HDPE canna breosla 10, 20, 30, 60 lítear HDPE druma 200 lítear HDPE coimeádán 1 000 lítear HDPE ISO umar 20m^3

4.4.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Glan roimh dhíghalrú. (Bain an spruadar agus an salachar go léir trí réamh-shruthlú nó réamh-sciúradh, agus nuair is gá, cóireáil réamh-mhaothaithe). Déantar na dromchlaí ar an taobh istigh den gcóras píopaí agus na gcóras umar a dhíghalrú leis an bpróiseas CIP. Chun díghalrú i gcoinne giosta baictéir agus fungas ba chóir an táirge a chaolú go sárocsaíd hidrigine 4,7 % (w/w). Mar shampla, i gcás táirge ina bhfuil sárocsaíd hidrigine 35 % (w/w): cuir 114 ml den táirge le 819 ml d'uisce chun caolú de sárocsaíd hidrigine 4,7 % (w/w) a fháil. I gcás táirgí a bhfuil tiúchain éagsúla sárocsaíde hidrigine acu ní mór na luachanna a choigeartú dá réir.

Déantar an próiseas tríd an tuaslagán díghalrúcháin a scaipeadh tríd an gcóras faoi choinníollacha suaiteachta méadaithe agus treoluas sreafa. Is próiseas uathoibrithe dúnta é an feidhmchlár. Tar éis am teagmhála 3 uair, déantar píblínte agus umair a shruthlú le huisce faoi choinníollacha dúnta an chórais freisin.

4.4.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Caith spéaclaí cosanta le haghaidh ceimiceán atá de réir Chaighdeáin Eorpaigh EN 16321 nó a gcomhionann/sciath aghaidhe, éadaí cosanta le haghaidh ceimiceán i réimse na dtáirgí bithicíde, lámhainní cosanta le haghaidh ceimiceán a aicmítear faoi Chaighdeán Eorpach EN 374 nó a gcomhionann, agus RPE (APF = 10) le linn meascaithe agus a luchtaithe. Lámhainní agus ábhar clúdaithe le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge. Féach cuid 6 le haghaidh teidil iomlána na gcaighdeán EN.

Tá sé seo gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 98/24/CE ón gComhairle agus reachtaíocht eile de chuid an Aontais i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair. Féach cuid 6 le haghaidh na tagartha iomláine do Threoir 98/24/CE ón gComhairle.

RMM Teicniúil: aeráil sceite áitiúil (50%) agus caighdeán maith aerála ginearálta (3 ACH). Cloígh leis na treoracha ar an lipéad.

4.4.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Gan treoracha garchabhrach ná bearta éigeandála a bhaineann go sonrach le húsáid chun an comhshaol a chosaint. Féach Treoracha ginearálta úsáide.

4.4.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Gan treoracha a bhaineann go sonrach le húsáid chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte. Féach Treoracha ginearálta úsáide.

4.4.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Gan treoracha stórála agus seilfré an táirge a bhaineann go sonrach le húsáid faoi ghnáthchoinníollacha stórála. Féach treoracha ginearálta úsáide.

Caibidil 5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE MAIDIR LE MEITEA-SPC 1**

5.1. **Treoracha úsáide**

Féach treoracha ar leith maidir le húsáid le haghaidh gach úsáide.

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Féach bearta sonracha maolaithe riosca maidir le húsáid le haghaidh gach úsáide.

Cloígh leis na treoracha ar an lipéad.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

Treoracha garchabhrach

MÁ SHLOGANN TÚ: Sruthlaigh béal láithreach. Tabhair rud éigin le hól, má tá duine nochtaithe in ann slogadh. NÁ spreag urlacan. Cuir glaoch ar 112/otharcharr chun cúnamh leighis a fháil. Faisnéis do phearsanra /dhochtúir Cúram Sláinte: Bearta tacaíochta saoil a thionscnamh más gá, glaoigh ar IONAD POISON ina dhiaidh sin.

MÁ TÁ SÉ AR CHRAICEANN: Nigh craiceann láithreach le neart uisce. Ina dhiaidh sin bain de na héadaí uile-éillithe agus nigh é sula n-athúsáidtear é. Lean ort ag ní an craiceann le huisce ar feadh 15 nóiméad. Glaoigh ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir

MÁ TÁ TÚ I SÚILE: Sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain lionsaí tadhaill, má tá sé i láthair agus éasca le déanamh. Lean ar aghaidh ag sruthlú ar feadh 15 nóiméad ar a laghad. Cuir glaoch ar 112/otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

MÁ IONANÁLAÍTEAR: Bog go haer úr agus coinnigh ar sos i riocht atá compordach le haghaidh análaithe.

Má tá siomptóim agat: Glaoigh ar 112/otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

Mura bhfuil aon siomptóim ort: Glaoigh ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

Bearta maidir le scaoileadh de thaismе

Doirteadh mór: Bailigh an táirge i gcoimeádáin oiriúnacha (m.sh. déanta as plaisteach) ag baint úsáide as trealamh cuí (m.sh. caidéal leachtach) lena dhiúscairt. Ná cuir an méid a doirteadh ar ais i gcoimeádáin bhunaidh riamh lena n-athúsáid. Coinnigh amach ó shubstaintí inadhainte agus neamh-chomhoiriúnacha. Sruthlaigh aon iarmhar le neart uisce. Déan ábhar súite a dhiúscairt de réir na rialachán comhshaoil is infheidhme.

Doirteadh beag: Táirge caolaithe le go leor uisce agus sruthlaigh ar shiúl nó ionsú le hábhar leachtach-ceangailteach (m.sh. talamh diatomaceous nó ceanglóir uilíoch). Pioc suas go meicniúil agus a bhailiú i gcoimeádáin oiriúnacha. Glan dromchla éillithe go maith. Pacáil agus lipéadaigh dramhaíl cosúil leis an táirge. Ná dícheangail lipéad ó na coimeádáin seachadta roimh dhiúscairt.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Ag deireadh na cóireála, déan táirge neamhúsáidte agus an pacáistiú a dhiúscairt de réir na riachtanas áitiúil. Is féidir an táirge a shruthlú go séarach cathrach ag brath ar riachtanais áitiúla.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Comhairle maidir le cosaint i gcoinne tine agus pléasctha:

Stóráil amach ó sholas díreach na gréine agus ó fhoinsí teasa.

Stóráil amach ó fhoinsí adhainte - Ná caith tobac.

Stóráil amach ó shubstaintí inadhainte.

Stóráil amach ó shubstaintí neamh-chomhoiriúnacha.

Stóráil:

Riachtanas teochta 40 °C ar a mhéad le linn stórála agus cosain ar shioc.

Stóráil in áiteanna glana, tirime le haeráil mhaith.

Déan an coimeádán a iompar agus a stóráil ina sheasamh amháin.

Dún an coimeádán go docht i gcónaí tar éis an táirge a bhaint.

Seachain sileadh agus iarmhair an táirge ar na coimeádáin.

Comhairle maidir le gnáthstóráil:

Ná stóráil in éineacht le halcailí, laghdaitheoirí, salainn mhiotalacha (riosca dianscaoilte).

Ná stóráil in éineacht le tuaslagóirí orgánacha (riosca pléasctha).

Seilfré:

24 mí

Caibidil 6. **FAISNÉIS EILE**

Is iad seo a leanas teidil iomlána na gcaighdeán EN dá dtagraítear sna míreanna ‘Bearta maolaithe a bhaineann go sonrach le húsáid’:

EN 16321 - Cosaint súl agus aghaidhe d’úsáideoirí ceirde

EN 374 – Lámhainní cosanta le haghaidh ceimiceán agus miocrorgánach

Is í an Treoir ón gComhairle dá dtagraítear sna míreann “Bearta maolaithe a bhaineann go sonrach le húsáid” ná: Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha ag an obair (an ceathrú Treoir déag aonair de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 131, 5.5.1998, lch.11).

Caibidil 7. **AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I MEITEA-SPC 1**

7.1. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha	Divosan HS 35 VT68	Réimse margaidh: AE
	Divosan HS 35	Réimse margaidh: AE
Uimhir an údaraithe	EU-0029435-0001 1-1	

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Hydrogen peroxide		Substaint ghníomhach	7722-84-1	231-765-0	35 % (w/w)

Caibidil 1. **MEITEA-SPC 2 FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **MEITEA-SPC 2 aitheantóir**

Aitheantóir	Meta SPC: META Divosan Bath

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-2

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT04: Limistéar bia agus beatha

Caibidil 2. **COMHDHÉANAMH META SPC 2**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meitea-SPC 2**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Hydrogen peroxide		Substaint ghníomhach	7722-84-1	231-765-0	35 - 49,9 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meitea-SPC 2**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	SL Tiúchán intuaslagtha

Caibidil 3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM MEITEA-SPC 2**

Ráitis ghuaise	H302: Díobhálach má shlogtar é. H315: Ina chúis le greannú craicinn. H318: Ina chúis le damáiste tromchúiseach don tsúil. H335: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le greannú riospráide. H412: Díobhálach don saol uisceach, le héifeachtaí fadtréimhseacha. H272: D'fhéadfadh sé cur le tine; ocsaídeoir.
Ráitis réamhchúraim	P261: Seachain gala a análú. P264: Nigh lámha go lánchúramach tar éis láimhsithe. P270: Ná hith, ná hól nó ná caith tobac nuair atá an táirge seo in úsáid agat. P271: Úsáid amuigh faoin aer nó i limistéar dea-aerálaithe amháin. P273: Ná scaoiltear amach sa chomhshaol. P280: Caith lámhainní cosanta / éadaí cosanta / cosaint súl / cosaint aghaidhe..

	P301+P312: MÁ SHLOGTAR É: Cuir glao ar IONAD NIMHE / dochtúir / lia má bhraitheann tú tinn. P330: Sruthlaítear an béal. P302+P352: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS AN gCRAICEANN: Nigh le neart uisce / gallúnach. P304+P340: MÁ IONANÁLAÍTEAR É: Tabhair an duine amach faoin aer úr agus cinntigh go bhfuil an duine in ann análú go compordach. P312: Cuir glao ar IONAD NIMHE / dochtúir / lia má bhraitheann tú tinn. P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. P310: Cuir glao láithreach ar IONAD NIMHE/dochtúir. P332+P313: I gcás greannú craicinn: Faigh comhairle. P403+P233: Stóráil in áit dhea-aeráilte. Coimeád an coimeádán dúnta go docht. P405: Stóráil faoi ghlas. P501: Diúscair ábhar i gcomhréir le riachtanais áitiúla. P501: Diúscair coimeádán i gcomhréir le riachtanais áitiúla. P210: Coimeád amach ó theas, dromchlaí te, spréacha, lasracha oscailte agus foinsí adhainte eile. Ná caitear tobac. P220: Coimeád amach ó éadaí nó ábhair indóite eile. P370+P378: I gcás dóiteáin: Úsáid uisce le haghaidh múchta.

Caibidil 4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE MEITEA-SPC**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1

Pacáistiú aiseipteach i dtionscail bia agus beatha

An cineál táirge	PT04: Limistéar bia agus beatha
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: - Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: - Gnáthainm: Spóir bhaictéaracha Céim na forbartha: Spóir bhaictéaracha
Réimse (nó réimsí) úsáide	Úsáid laistigh Díghalrú ar phacáistiú aiseipteach d'ábhar pacáistithe bia agus beatha i gcórais phacáistithe aiseiptigh iata trí thumadh, spraeáil agus néalú
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Tumadh, néalú agus spraeáil Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Tumadh uathoibrithe i gcórais iata. Néalú uathoibríoch agus spraeáil i gcórais iata.

Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Tiúchan i mbun úsáide: sárocsaíd hidrigine 35 % (w/w). Chun díghalrú i gcoinne baictéar, giostaí agus spór baictéarach, ba cheart an táirge a chaolú go 35 % (w/w) H^2O^2. Mar shampla, i gcás táirge a bhfuil sárocsaíd hidrigine 49,9 % (w/w) ann: cuir 700 ml den táirge le 357 ml uisce chun caolú 35 % (w/w) sárocsaíd hidrigine a bhaint amach. Airí uainithe: Próisis dhíghalraithe ceimi-theirmeacha uathoibrithe. Tiúchan in-úsáide: sárocsaíd hidrigine 35 % (w/w) Spraeáil nó néalú: Teocht: ≥100 ° C. Am teagmhála: 5,5 soicind ar a laghad Tumadh: Teocht: ≥80 °C. Am teagmhála: 2,5 soicind ar a laghad
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	HDPE buidéal 1,5 lítear HDPE canna breosla 10, 20, 30, 60 lítear HDPE druma 200 lítear HDPE coimeádán 1 000 lítear HDPE ISO umar $20m^3$

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Tá na córais líonta aiseiptigh bunaithe ar an bprionsabal go bhfoirmítear feadán go haiseipteach ó bhileog steirilithe d'ábhar pacáistithe a líontar go leanúnach le táirge bia leachtaí atá steirilithe ar bhonn tráchtála agus a shéalaítear go trasnach ina dhiaidh sin chun tiachóga a fhoirmiú, a fhilltear ina dhiaidh sin i gcruth deiridh an phacáiste. Seachadtar an t-ábhar pacáistithe chuig an meaisín líonta aiseiptigh i bhfoirm ríleanna (bileog) nó i bhfoirm pacáistí, tobán agus buidéal réamhfhoirmithe. Gabhann an t-ábhar pacáistithe i bhfoirm ríleanna (leatháin) trí fholcadh domhain atá líonta le sárocsaíd hidrigine 35 % (w/w) trí thumadh. Ansin, déantar sárocsaíd hidrigine 35% (w/w) a spraeáil nó a néalú chuig an ábhar pacáistithe de réir a chéile trí shoc. Ina dhiaidh sin, leanann céimeanna éagsúla chun aon sárocsaíd hidrigine iomarcach a ghalú le haer te steiriúil.

Ag brath ar mhéid an ghabhdáin, déantar méid 0,1 – 1 ml de shárocsaíd hidrigine 35 % (w/w) a spraeáil nó a néalú de réir a chéile trí shoc.

Teocht: ≥100 °C.

Am teagmhála: 5,5 soicind ar a laghad

Gabhann an t-ábhar pacáistithe i bhfoirm ríleanna (leatháin) trí fholcadh domhain atá líonta le sárocsaíd hidrigine 35 % (w/w) trí thumadh.

Teocht: ≥80 ° C.

Am teagmhála: 2,5 soicind ar a laghad

Mar shampla, i gcás táirge ina bhfuil sárocsaíd hidrigine 49,9 % (w/w): cuir 700 ml den táirge le 357 ml d'uisce chun caolú 35 % (w/w) sárocsaíd hidrigine a fháil.

Déanfaidh an t-úsáideoir bailíochtú micribhitheolaíoch ar an díghalrú i gcónaí, agus ina dhiaidh sin is féidir prótacal chun an pacáistiú / an córas seo a dhíghalrú a dhéanamh agus a úsáid dá éis.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

